



**Bord na Gaeilge**  
Nuachtlitir, Eanáir 2016



**Eagrán 1,  
Eanáir 2016**



# Scéalta Alumni Theach na Gaeilge



*Bliain nua faoi shéan 's faoi shonas ó Bord na Gaeilge UCD*

## CLÁR ÁBHAIR

- Alumnus Rónán MacShamhráin: Taighde agus Forbairt
- Alumnus Peadar Ó Lamhna: A Shaol sa Bhruiséil
- Gailearaí Alumni
- Raidió Ráméis, Raidió na Gaeltachta, 92.8 FM (Tionscnamh a bhunaigh Alumni Theach na Gaeilge
- Fógraí agus Imeachtaí
- Comórtas

## CONTENTS

- Alumnus Rónán MacShamhráin: Research and Development
- Alumnus Peadar Ó Lamhna: Life in Brussles
- Alumni Photo Gallery
- Raidió Ráméis, Raidió na Gaeltachta, 92.8 FM (New initiative headed by Teach na Gaeilge Alumni)
- Notices and Events
- Competition



### FÁILTE

Fáilte chuig an chéad eagrán do Nuachtlitr Alumni Theach na Gaeilge.

### RÓNÁN MACSHAMHRÁIN

### WELCOME

Welcome to the first issue of the Teach na Gaeilge Alumni Newsletter.

### RÓNÁN MACSHAMHRÁIN



Rónán MacShamhráin - Grianghraf le Lillie Paquette Scoil na hInnealtóireachta, MIT

*Teach na Gaeilge: 2006 – 2008*  
Céim BE (Onóracha), UCD, 2010  
Máistir Eolaíochta (M.Sc.), 2012 & Ph.D. Innealtóireacht Mheicniúil, 2014, Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá

#### Post reatha

Is é Rónán a bhunaigh agus atá ina uachtarán ar **Sandymount Technologies**, áit a bhfuil sé i mbun teicneolaíocht a fhorbairt lena n-éascaítear súnna, fíonta agus beoracha ar ardchaighdeán a dháileadh. “Bíonn na deochanna seo téagartha agus costasach lena n-iompar, rud a fhágann go n-ardaítear an praghas agus go n-íslítear an cháilíocht don tomhaltóir” a deir Rónán. I gcás súnna, réiteach amháin atá ann ná teas a úsáid chun an t-uisce a bhaint astu ina ghal, ach bíonn éifeacht ar an mblas nuair a úsáidtear teas. Ina áit sin, tá teicneolaíocht forbartha ag Ronan a thugann deis an t-uisce a scagadh as an sú go réidh an tráth a ndéantar

*Teach na Gaeilge: 2006 – 2008*  
BE (Honours) Degree, UCD, 2010  
Master of Science in Mechanical Engineering, 2012 & Ph.D. Mechanical Engineering, 2014, Massachusetts Institute of Technology, USA

#### Current position

Rónán is founder and president at **Sandymount Technologies**, where he is developing technology that makes it easier to distribute high quality juices, wines and beers. “These beverages are bulky and expensive to transport and this increases price and reduces quality for the consumer”, says Rónán. For juices, one solution has been to use heat evaporate out the water and ship the juice as a concentrate, but the taste is always affected when you use heat. Instead, Rónán has developed technology that allows water to be gently filtered out when the juice is first made. After distribution purified water is reintroduced to recreate



## Bord na Gaeilge Nuachtlir, Eanáir 2016

an sú. I ndiaidh é a dháileadh, cuirtear uisce íonaithe ar ais sa sú chun é a athchruthú i monarcha pacáistithe gar don tomhaltóir. An cleas, a deir Rónán, ná córas a fhorbairt chun an t-uisce a bhaint amach agus a chur ar ais níos déanaí ar bhealach a choimeádann an blas ceart - sin é atá déanta acu ag Sandymount.

Is comhlach iar-dhochtúireachta é Rónán freisin agus Comhalta Teagaisc Shapiro ag MIT, áit a ndéanann sé taighde ar ardteicneolaíochtaí íonaithe uisce agus a mhúineann sé traschur teasa. Bhunaigh sé Sandymount - ainmnithe i ndiaidh Dhumhach Thrá, áit a mbíodh a sheanmháthair ag siúl - beagán os cionn bliain ó shin i ndiaidh dó a PhD in íonú uisce a chríochnú nuair a thuig sé go bhféadfaí teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm ar dheochanna chomh maith le íonú uisce.

Is mór an t-údar spéise do Rónán é go bhfuil teorainn le hacmhainní an domhain – uisce, aer, miotail, ola, adhmaid – go bhfuil de dhúshlán againn acmhainní a fhás agus a ídiú fad a choinneoidimid a dhóthain don todhchaí. **Is mór an t-údar spéise dó an fonn a bhíonn orainn ár gcultúr agus ár dtraidisiúin a choinneáil beo fad a mbíonn de dhúshlán againn uathúlacht agus cruthaitheacht a fhorbairt.**

An fhís atá aige ná ról a ghlacadh sna dúshlán sin, sa bhainistiú ar acmhainní nádúrtha, in eacnamaíochtaí agus teicneolaíocht a fhorbairt, agus i dtraidisiún agus cruthaitheacht chultúrtha a chothú.

Ina chuid am saor, bíonn Rónán ag damhsa salsa ar stáitse le foireann in Cambridge agus tá leabhar dá chuid dar teideal “Can you teach entrepreneurship?”, le foilsiú níos déanaí i mbliana. Is fear grinn den scoth é agus is féidir fiseáin dá chuid a fheiceáil ar YouTube. Guímid gach rath air lena chuid taighde agus ina shaol.

### PEADAR Ó LAMHNA

*Teach na Gaeilge: 2010 – 2014*  
**BCL (Dlí le Polaitíocht) UCD, 2014**  
**MA (Staidéar na Reachtaíochta agus Cleachtas) Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, 2015**

#### Post reatha

Oifigeach Polsaithe le Rannóg na nInstitiúidí, Buanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, An Bhruiséil

Ní fada ó bhí Peadar i Teach na Gaeilge. Bhí sé ag labhairt linn le déanaí faoina bhfuil ar bhun aige san AE.

the juice at a packaging plant that is local to the consumer. The key, says Rónán, is find a way to remove and later reintroduce water that perfectly maintains taste - that's what we've done at Sandymount.

Rónán is also a post-doctoral associate and Shapiro Teaching Fellow at MIT, where he researches advanced water purification technologies and teaches heat transfer. He started Sandymount - named after Sandymount strand, where his grandmother would go for walks - just over a year ago after finishing his PhD in water purification and realising that new technology could be applied to beverages as well as to water purification.

Rónán finds it fascinating that our world's resources are finite – water, air, metals, oil, wood – that we are challenged to grow and consume but yet save enough for tomorrow. **It fascinates him that there is an urge to keep alive our culture and traditions but also a challenge to develop uniqueness and creativity.**

His vision is of playing a role in facing these challenges, in managing natural resources, developing economies and technology, and fostering cultural creativity and tradition.

In his free time, Rónán performs with a salsa dancing team in Cambridge and is preparing to publish a short book entitled “Can you teach entrepreneurship?” to be published later this year. He's still on stage stateside and his comedy videos can be viewed on YouTube. We wish him the very best of luck with his research and hobbies.


### PEADAR Ó LAMHNA

*Teach na Gaeilge: 2010 – 2014*  
**BCL (Law with Politics) UCD, 2014**  
**MA (Legislative Studies and Practice) Queen's University Belfast, 2015**

#### Current position

Policy Officer with the Institutions Section, Permanent Representation of Ireland to the European Union, Brussels.

It's not long since Peadar left Teach na Gaeilge. He spoke to us recently about his work in the EU.



### Gradam Idirnáisiúnta Diúc Dún Éideann

*"Bhí an deis agam taisteal go Ceanada leis an nGradam Idirnáisiúnta Diúc Dún Éideann agus toisc go raibh an aimsir chomh fuar ansin bhí orm an píosa eadaí is teo a thabhairt liom ar turas! (mo Gheansaí SnaG!)"*

"Bíonn a cuid dúshlán féin ag baint leis an obair sa Bhruiséil gach lá. Tá an post dúshlánach agus éagsúil ó tharla tú ag obair i dteangacha éagsúla agus ar shaincheisteanna éagsúla beartais. Mar Oifigeach Beartais d'fhéadfadh go mbeadh orm freastal ar chruinniú i bParlaimint na hEorpa ar maidin agus sa Chomhairle tráthnóna agus freastal ar imeacht san oíche ar ábhar a mbeinn ag déanamh taighde air. Ó tharla mé ag obair in Aonad na nInstitiúidí, caithim súil ghéar a choinneáil ar an méid a bhíonn ag titim amach in institiúidí an AE. Cuidím freisin le súil a choinneáil ar mheáin chumarsáide na hÉireann agus ullmháim achoimre preasa d'Airí na hÉireann nuair a bhíonn siad ag teacht go dtí an Bhruiséil do chruinnithe na Comhairle.

Is minic go mbíonn comhráití i nGaeilge anseo mar go bhfuil pobal mór Éireannach ann. Is gearr uainn Seachtain na Gaeilge agus Lá Fhéile Pádraig agus táim ag súil Lá Fhéile Pádraig a chaitheamh taobh amuigh d'Éirinn, an chéad uair riamh agam, agus féachaint mar a chaitheann an diaspora i gcroílár na hEorpa ar lá náisiúnta."

Is iomaí deis a bhíonn ag Peadar taisteal mar ionadaí Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Thug sé cuairt ar Bhanríon Éilís II i Buckingham Palace i mí Feabhra agus d'fhreastail sé ar Chomhdháil Idirnáisiúnta i Toronto i mí Deireadh Fómhair. Guímid gach rath air agus ar mhuintir na hÉireann sa Bhruiséil.

"Working in Brussels brings with it a number of daily challenges. Having to work in various languages and on various policy issues makes the job challenging and different. As a Policy Officer I may have to cover a meeting in The European Parliament in the morning, a meeting in the Council in the afternoon and attend an evening event on an issue that I might be researching. Working in the Institutions Unit, I have to keep a close eye on developments in all the EU institutions. I also assist with monitoring Irish media and preparing press summaries Irish Ministers who visit Brussels for Council meetings.

With a large Irish community here in Brussels conversations often take place as Gaeilge. With Seachtain na Gaeilge and St Patrick's Day coming up, I'm looking forward to spending my first St Patrick's Day outside of Ireland and see how the diaspora celebrate our national day in the heart of Europe."

When not working as Policy Officer, Peadar has had numerous opportunities to travel as Gaisce representative. He had the opportunity to meet Queen Elizabeth II in Buckingham Palace in February and to attend an International Convention in Toronto in October.

### GAILEARAÍ ALUMNI



#### Oireachtas na Gaeilge 2015

Alumni Theach na Gaeilge, Colmán Ó hAinle, BA Nua-Ghaeilge 2010, Eoghan Ó Braonáin, M.Sc. Gnó Idirnáisiúnta 2011, Cormac Breathnach, MA Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge 2013, agus Daire Ó Braonáin, H.Dip.Ed. 2014.



#### Bronnadh na gCéimeanna 2015

Cuid d'alumni Theach na Gaeilge ar a mbronndh céim – Jamie Ó Flannúra, B.Sc. Eolaíocht Ghinearálta 2015, Laura Ní Sheachnasáigh, B.Sc. Radagrafaíocht 2015, agus Máirtín Ó Maoilchiaráin, scoláire spóirt 2011-2015, B.Sc. Eolaíocht Talmhaíochta 2015. Comhghairdeas leo go léir. Jamie Ó Flannúra anseo.



#### Bronnadh na gCéimeanna 2015

Máirtín Ó Maoilchiaráin lena chara

### ALUMNI PHOTO GALLERY



#### Oireachtas na Gaeilge 2015

Alumni Theach na Gaeilge, Edel Ní Bhraonáin, Comhordaitheoir na Mac Léinn, Conradh na Gaeilge, BA Gaeilge agus Béaloideas, 2014, agus Aodhán Ó Deá, Stiúrthóir Forbartha, Conradh na Gaeilge, Gnó agus Dí, 2010, lena gcara Gearóidín de Bhailís ó Gaeilge le Glam.



#### Bronnadh na gCéimeanna 2015

Laura Ní Sheachnasáigh, Ellie Hartnett agus Breifne Nic Iomhar.



#### Erasmus 2015-2016

Alumni Theach na Gaeilge, Ciarán Ó Braonáin, Teagacha Idirnáisiúnta, agus David Fitzgerald, Fraincis agus Gaeilge, atá ar Erasmus sa Fhrainc agus a thug cuairt ar Ghaeltacht-sur-Seine, Páras, le déanaí.



#### Alumni Theach na Gaeilge 2012-2015

Alumni Theach na Gaeilge ar cuairt i dTaigh na Gàidhlig, Ollscoil Ghlaschú, Eanáir 2016. Donncha Ó Murchú, Teach na Gaeilge 2014-2015, Oisín Ó Cadhain 2013-2015, Eoghan Ó Domhnaill 2014-2016, Jamie Ó Flannúra 2012-2015, Amy Ní Cuinneagáin 2014-2015, Anraí Ó Braonáin 2014-2015.

### RAIDIÓ RÁMÉIS, RAIDIÓ NA GAELTACHTA, 92.8 FM (TIONSCNAMH A BHUNAIGH ALUMNI THEACH NA GAEILGE)

Bíonn geansceitse seachtainiúil (Raidió Ráméis) ag beirt dár alumni Dr. Eoin P. Ó Murchú, MB, BCh, BAO 2013 agus Andy Ó Faoláin, B.Sc. 2010 ar Bláthnaid Libh, Raidió na Gaeltachta. Bíonn Raidió Ráméis le clos gach Sathairn, 11 r.n. Brúigh [anseo](#) chun éisteacht leo.



### RAIDIÓ RÁMÉIS, RAIDIÓ NA GAELTACHTA, 92.8 FM (NEW INITIATIVE HEADED BY TEACH NA GAEILGE ALUMNI)

Two of our alumni Dr. Eoin P. Ó Murchú, MB, BCh, BAO 2013 and Andy Ó Faoláin, B.Sc. 2010 have a weekly comedy sketch 'as Gaeilge' on Bláthnaid Libh, Raidió na Gaeltachta. You can tune into Raidió Ráméis on Saturdays at 11 a.m. Click [here](#) to listen to one of their sketches.



### FÓGRAÍ AGUS IMEACHTAÍ

#### TIONSCNAIMH NUA LE GAEILGE

- Leabharlann UCD – Taisce Aithris Filíochta na hÉireann

Tá réimse leathan iléagsúil na filíochta in Éirinn á bhailiú agus á chaomhnú i dTaisce Aithris Filíochta na hÉireann, tionscnamh de chuid Leabharlann UCD, a seoladh Samhain 2015. Brúigh [anseo](#).

### NOTICES AND EVENTS

#### NEW UCD PROJECTS WITH IRISH

- UCD Library – The Irish Poetry Reading Archive

Launched in November 2015, the **Irish Poetry Reading Archive** is a UCD Library project which captures and preserves the rich and diverse landscape of both Irish language and English language poetry in Ireland. Click [here](#).





- Scoláirí Córúla UCD – Albam nua le hamhráin i nGaeilge Invisible Stars

Sheol **Scoláirí Córúla UCD** dlúthdhiosca nua ar a bhfuil amhráin i nGaeilge **Invisible Stars**, 11 Nollaig. Tá an t-albam ar fáil ar iTunes agus ar Amazon.

- UCD Choral Scholars – New album Invisible Stars

Congratulations to **UCD Choral Scholars** and their artistic director Dr Desmond Earley, UCD School of Music, on the launch of their debut international recording on Signum Records – **Invisible Stars**. The album includes Irish and Scottish traditional and contemporary choral music and is available on iTunes and on Amazon.



Erin



Jamie



Katie



Sophie

- Craoltóireacht

Éistigí le podchraoltaí ó mhic léinn scoláireachta Teach na Gaeilge 2015-2016 [anseo](#). Is mar chuid den mhodúl scileanna cumarsáide a rinne siad na podchraoltaí seo. Eagraítear an modúl seo i gcomhar le **Gaelchultúr Teoranta** agus **Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh** agus **an Bhéaloidis UCD**. Pléadh réimse leathan ábhar: 'Dearcadh Daoine Óga i leith na Gaeilge' (Erin Nic an Bhaird), 'Éirí Amach na Cásca 1916' (Jamie Mac Uiginn), 'Imreoirí CLG' (Katie Nic Craith) agus 'Nósanna Bia na Mac Léinn' (Sophie Osborne).

- Broadcasting in Irish

Click [here](#) to hear podcasts from Bord na Gaeilge Residence Scheme Scholars 2015-2016. Students produced the podcasts as part of the Horizons module 'Scileanna Cumarsáide' in association with **Gaelchultúr Teoranta** and **UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore**. A wide range of topics were discussed: 'Young People's Attitude towards Irish' (Erin Nic an Bhaird), '1916 Easter Rising' (Jamie Mac Uiginn), 'GAA Players' (Katie Nic Craith) and 'Students' Food Habits' (Sophie Osborne).



- Gaelbhrtach (Tionscnamh de chuid Foras na Gaeilge / Gael Linn)

An bunmhúinteoir nó meánmhúinteoir tú? Is scéim é **Gaelbhrtach** do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh, ní hamháin sa seomra ranga, ach mar theanga phobal na scoile chomh maith.

- Gaelbhrtach (Foras na Gaeilge / Gael Linn Project)

Are you a primary or secondary school teacher? **Gaelbhrtach** is a scheme for primary and second level schools to foster respect for the Irish language throughout the school.



- Comhdháil 'Torthaí na Réabhlóide'


Beidh comhdháil idirnáisiúnta 'Torthaí na Réabhlóide' agus taispeántas athbheochana á reachtáil i UCD Dé hAoine 19 Feabhra agus Dé Sathairn 20 Feabhra 2016. Tá an chomhdháil á eagrú ag **Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD** i gcomhpháirt le Coláiste Phádraig DCU, Droim Conrach, Ollscoil Naomh Muire, Halifax, Ceanada, agus Músaem na bPiarasach, Ráth Fearnáin.

Tuilleadh eolais: [regina.uichollatain@ucd.ie](mailto:regina.uichollatain@ucd.ie) nó [meidhbhin.niurdail@ucd.ie](mailto:meidhbhin.niurdail@ucd.ie).

- Revolution: Results and Appraisal

The international conference and revival exhibition 'Torthaí na Réabhlóide' (Revolution: Results and Appraisal) will take place in UCD on Friday 19 February and Saturday 20 February 2016. This conference will be organized by **UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore** in collaboration with St Patrick's College DCU, Drumcondra, St Mary's University, Halifax, Canada, and the Pearse Museum, Rathfarnham.

Further information: [regina.uichollatain@ucd.ie](mailto:regina.uichollatain@ucd.ie) nó [meidhbhin.niurdail@ucd.ie](mailto:meidhbhin.niurdail@ucd.ie).



**ALUMNI  
THEACH NA GAEILGE**  
AG OBAIR AS LÁIMHE A CÉILE  
BORD NA GAEILGE UCD

- Greasán Alumni Theach na Gaeilge

Más mian leat a bheith rannpháirteach i nGreasán Alumni Theach na Gaeilge, téigh i dteagmháil linn ag [oifigeach.gaeilge@ucd.ie](mailto:oifigeach.gaeilge@ucd.ie) nó lenár alumna Dr. Aoife Nic Shamhráin ag [aoifenicshamhrain@gmail.com](mailto:aoifenicshamhrain@gmail.com)

- Bígí ag breathnú ar **leathanach na n-imeachtaí** d'imeachtaí eile atá le teacht.

- Teach na Gaeilge Alumni Network

If you would like to be involved in the Teach na Gaeilge Alumni Network, please contact us at [oifigeach.gaeilge@ucd.ie](mailto:oifigeach.gaeilge@ucd.ie) or contact our alumna Dr. Aoife Nic Shamhráin at [aoifenicshamhrain@gmail.com](mailto:aoifenicshamhrain@gmail.com)

- Keep an eye on the **events** page for other upcoming events.

## COMÓRTAS

Cén t-am a mbíonn Raidió Ráméis ar siúl gach Satharn?

Seol d'fhreagra chuig: [ranganna.gaeilge@ucd.ie](mailto:ranganna.gaeilge@ucd.ie)  
Roimh: 22 Feabhra 2016

## COMPETITION

What time can you tune into Raidió Ráméis each Saturday?

Send your answer to: [ranganna.gaeilge@ucd.ie](mailto:ranganna.gaeilge@ucd.ie)  
Before: 22 February 2016

Duais: Caife agus Seacláid ó Snasta Blasta



Prize: Coffee and Chocolate from Snasta Blasta

Ba mhaith linn cloisteáil uaibh. Seolaigí bhur nuacht chugainn don chéad eagrán eile, le bhur dtoil.

We would love to hear from you. Please send us your news for the next edition.